Cad is barrachairt ann?

Taispeánann muid eolas (sonraí) leis na barraí dronuilleogacha ar **bharrachairt**.

Is féidir barraí cothrománacha nó ceartingearacha a úsáid.

Cad chuige a mbaineann muid úsáid as barrachairt?

Baineann muid úsáid as **barrachairt** le catagóirí sonraí a chur i gcomparáid lena chéile. Is féidir leis na catagóirí sin a bheith **cáilíochtúil** nó **cainníochtúil**.

Bíonn **barrachairteacha** in úsáid i saol an ghnó agus sna meáin le sonraí a thaispeáint.

Rewarding Learning

Barrachairt a tharraingt



Cineálacha Sonraí

Tá sonraí **cáilíochtúla** neamhuimhriúil (ní uimhreacha iad), mar shampla dath gruaige nó modh taistil.

Tá sonraí **cainníochtúla** uimhriúil (is uimhreacha iad).

Leibhéal 3

Barrachairteacha a chomhlánú agus a lipéadú (agus na haiseanna curtha ar fáil): na haiseanna a lipéadú, scála a chur leis agus na barraí atá ar iarraidh a tharraingt.

Leibhéal 4

Barraí a tharraingt, agus aiseanna a tharraingt agus a lipéadú le barrachairt a dhéanamh. **(Gan na haiseanna a bheith curtha ar fáil.)**

© CCEA 2024

Cad is barrachairt ann?

Taispeánann muid eolas (sonraí) leis na barraí dronuilleogacha ar **bharrachairt**.

Is féidir barraí cothrománacha nó ceartingearacha a úsáid.

Cad chuige a mbaineann muid úsáid as barrachairt?

Baineann muid úsáid as **barrachairt** le catagóirí sonraí a chur i gcomparáid lena chéile. Is féidir leis na catagóirí sin a bheith **cáilíochtúil** nó **cainníochtúil**.

Bíonn **barrachairteacha** in úsáid i saol an ghnó agus sna meáin le sonraí a thaispeáint.

Rewarding Learning

Barrachairt a tharraingt

Débharrachairt

An Meánmhéid Fearthainne sa Mhí



Barrachairt Chruachta

Fás Plandaí: Istigh agus Amuigh



Leibhéal 5

Aiseanna a tharraingt agus a lipéadú, agus na barraí a tharraingt le débharrachairt nó barrachairt chruachta a dhéanamh. Eochair a chur leis fosta.

Is féidir **débharrachairt** agus barrachairt **chruachta** a úsáid le comparáid a dhéanamh idir 2 thacar sonraí nó níos mó.

Caithfidh eochair a chur le débharrachairt agus le barrachairt chruachta.

© CCEA 2024